Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9283/19**

**ECOFIN 490**
**POLGEN 99**
**COMPET 403**
**RECH 263**
**ENER 269**
**TRANS 334**
**ENV 483**
**EDUC 245**
**SOC 360**
**EMPL 271**
**EF 192**
**AGRI 257**
**TELECOM 223**
**UEM 144**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8511/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha: An ghníomhaíocht is gá le go mbeidh rath ar CEIS<br>- Conclúidí ón gComhairle (13 Bealtaine 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *European Fund for Strategic Investments: Action needed to make EFSI a full success* [An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha: an ghníomhaíocht is gá le go mbeidh rath ar CEIS], a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, ag an 3688ú cruinniú dá cuid, ar an 13 Bealtaine 2019.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha: An ghníomhaíocht is gá le go mbeidh rath ar CEIS"**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha: An ghníomhaíocht is gá le go mbeidh rath ar CEIS";

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Cúirte agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na moltaí a rinne an Chúirt;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh san iniúchadh sin oibríochtaí an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) ó 2015 go dtí Iúil 2018 agus gur díríodh ar CEIS 1, go háirithe ar an Ionú Bonneagair agus Nuálaíochta;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur éirigh le CEIS tacú le hinfheistíocht shubstaintiúil bhreise san Aontas, go ndeachaigh sé i ngleic le clistí sa mhargadh agus le cásanna infheistíochta fo-optamacha agus gur chuidigh sé chun na bearnaí infheistíochta san Aontas a laghdú, ach AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt Iniúchóirí go bhfuil réimsí áirithe fós ann a d'fhéadfaí a fheabhsú go mór;

5. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart breisíocht a dhul leis na tionscadail sin a dtacaíonn CEIS leo agus nach mór nós an bhrú amach a sheachaint, go háirithe nuair is fabhraí do chúinsí an mhargaidh; AONTAÍONN SÍ go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcaoi a measúnaítear cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí tionscadal CEIS a mhaoiniú as foinsí eile;

6. CUIREANN SÍ I dTREIS gurb é an t-éileamh ar CEIS is bunchúis le rath an Chiste agus AITHNÍONN SÍ chomh maith go bhféadfaí dáileadh geografach na n-iasachtaí a fhaigheann tacaíocht a fheabhsú, go mór mór i mBallstáit nach bhfuil margaí airgeadais forbartha ná bainc ná institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagtha iontu, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar na príomhchúiseanna atá leis an leathadh geografach a tugadh faoi deara;

7. AONTAÍONN SÍ nach mór an chomhlántacht idir ionstraimí airgeadais an Aontais agus ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais a chothú;

8. AONTAÍONN SÍ go bhfuil gá le hobair leanúnach ar an modheolaíocht ríofa agus ar na socruithe tuairiscithe chun méid na hinfheistíochta a slógadh a mheas, agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí meastachán cruinn ar thionchar CEIS;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcomhaontaíonn an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta leis na moltaí ón gCúirt Iniúchóirí agus go bhfuil céimeanna tógtha acu cheana féin d'fhonn iad a chur chun feidhme; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dhá mholadh curtha chun feidhme cheana féin agus go bhfuil aghaidh tugtha ar mholadh amháin eile;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cuireadh san áireamh san athbhreithniú ar CEIS agus go háirithe sa Rialachán maidir le InvestEU roinnt mhaith de na nithe sin a bhí ina n-ábhar imní;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh an Coimisiún, BEI agus na comhpháirtithe cur chun feidhme a bheidh ag InvestEU amach anseo a áirithiú go gcuirfear na moltaí sin chun feidhme go cóir;

12. MEASANN SÍ go n-áiritheofaí *inter alia*, ach na moltaí sin a chur chun feidhme, go ngabhfaidh ardluach leis na hinfheistíochtaí a gheobhaidh tacaíocht, go bhfeabhsófar an dáileadh geografach, go dteorainneofar an dúbláil, agus go gcuirfear sineirgí idir na hionstraimí éagsúla chun cinn;

13. TÁ SÍ AG SÚIL go mór leis na nuashonruithe bliantúla ón gCúirt ar chur chun feidhme na moltaí agus leis an gcéad tuarascáil eile faoi chur chun feidhme CEIS.